Athbhreithniú maidir le **Gréasáin BSL**

Gréasáin Inbhuanaithe

€6.5 billiúin le caitheamh ar éascú ábhair in-athnuaite, méadrú cliste agus gréasáin chliste san áireamh.

> Ba bhliain an-rathúil í 2007 do Ghréasáin BSL ó thaobh oibríochta de, le hinfheistiú suntasach sa bhonneagar náisiúnta leictreachais agus an dara líon is airde go dtí seo de chustaiméirí ceangailte leis an ngréasán leictreachais.



Athbhreithniú Oibriúcháin

Ba bhliain an-rathúil í 2007 do Ghréasáin BSL ó thaobh oibríochta de, le hinfheistiú suntasach sa bhonneagar náisiúnta leictreachais agus an dara líon is airde go dtí seo de chustaiméirí ceangailte leis an ngréasán leictreachais. Leanadh leis an gclár infheistíochta leanúnach chun na gréasáin Leithdháilte agus Tarchuir a uasghrádú, a fhorbairt agus a athnuachan trí infheistíocht €600 milliún sa bhonneagar, lena n-áirítear córais nua TF.

Is méadú €70 milliúin ó 2006 é an brabús iarchánach €139 milliúin do Ghréasáin. Agus cion tairbhe diúscairtí maoine a fhágáil as an áireamh, is ionann an brabús iarchánach agus €125 milliúin. De réir an fhoirmle ioncaim rialála, is é an fáltas a shaothraigh Gréasáin BSL ná an méid is lú atá de dhíth chun an infheistíocht chaipitiúil sna gréasáin Leithdháilte agus Tarchuir a mhaoiniú. Mar sin, léiríonn brabúis 2007 an infheistíocht leanúnach ard sna gréasáin seo le roinnt blianta anuas.

Custaiméirí

Is príomhsprioc leanúnach de chuid an ghnóthais é seachadadh seirbhíse den chéad scoth do chustaiméirí. Le linn 2007 sholáthar an plean um fheabhsú seirbhíse custaiméirí cúig bliana (2006 – 10) fócas soiléir don ghnó agus seachadadh na chéad chéime den phlean in am. Rinneadh feabhsúcháin shuntasacha i réimsí cumarsáide le custaiméirí, agaí tionscanta nasctha, leanúnachas an feidhmiúcháin soláthair trí úsáid oibriú ar líne beo agus bearta eile agus an soláthar tráthúil seirbhísí méadraithe do sholáthróirí leictreachais thar ceann na gcustaiméirí. Léiríonn an laghdú ar an líon de mhainneachtain cairte custaiméara agus gearáin chustaiméirí le linn na bliana an feabhas seo ar an tseirbhís do chustaiméirí. Rinneadh nuashonrú ar shuíomh gréasáin Ghréasáin BSL chomh maith chun comhéadan a chur ar fáil atá níos fusa a úsáid.

Sábháilteacht

Is bunluach é sábháilteacht do Ghréasáin BSL i ndéileáil le foirne, le conraitheoirí, agus leis an bpobal. Is príomhghné é sábháilteacht i bpleanáil agus i gcríochnú gach clár oibre agus tá spreagadh leanúnach ann chun tuiscint a fhorbairt i measc na bpáirtithe leasmhara. Reáchtáladh feachtais éagsúla meáin agus margaíochta dírí le linn 2007 chun tuiscint an phobail maidir leis na rioscaí agus an dainséar a bhaineann le teagmháil gan chuimhneamh le gréasáin leictreachais a mhéadú.

I measc na bhfeachtas inmheánach maidir le sábháilteacht na foirne bhí mionteagaisc faoi neastimpistí, forbairt Chompánach le hIniúchadh Sármhaitheasa Sábháilteachta agus Cairt Sábháilteachta Foirne.

Faoi dheireadh 2007 tharla 28 Díobháil Ama Caillte d'fhoireann Gréasáin BSL, agus cuireann an treocht sin lenár n-iarracht ár sprioc gan díobháil ar bith don fhoireann i nGréasáin BSL a bhaint amach.

Inbhuanaitheacht Fuinnimh & Chomhshaoil

Le linn 2007, lainseáil Gréasáin BSL an clár Gréasáin Inbhuanaithe. Is clár uaillmhianach é seo, le naoi dtionscnamh aonair. Le chéile, baineann siad le gach gné dár n-oibríochtaí agus dár n-idirghníomhú lenár gcomhshaol.

Trí Ghréasáin Inbhuanaithe, is é ár n-aidhm ná Méadar Cliste a sholáthar do gach custaiméir le cur ar a gcumas éileamh leictreachais agus astaíochtaí carbóin a laghdú, chomh maith le hairgead a shábháil. Cuireadh tús leis an gcéad chéim le linn 2007, ina raibh triail teicneolaíochta agus feidhmiú céimneach do na chéad 25,000 custaiméir, agus déanfar an feidhmiú céimneach air le linn 2008.

Faoi dheireadh 2007, bhí níos mó ná 800 MW de ghiniúint gaoithe nasctha le córais tarchuir agus leithdháilte Gréasáin BSL. Tairgeadh téarmaí nasctha do beagnach 1,300 MW de ghiniúint gaoithe breise faoi phróiseas Geata 2. Siocair seo, beidh Gréasáin BSL ag tabhairt tacaíochta do cheann de na rátaí is airde de threá gaoithe ar domhan.

Cruthófar níos mó laghduithe in astaíochtaí carbóin siocair phróiseas Gheata 3, agus táthar ag dréim go gcuirfear tús leis seo i 2008.

Bunaíodh tionscadail le linn 2007 chun feithiclí uile-leictreacha agus breosla bithdhíosail a thabhairt isteach inár bhflít feithiclí de 2,600. Bhí an mhórchuid dár bhflít ag baint úsáide as meascán bithdhíosail 5% (B5) faoi dheireadh 2007. Le linn 2008 tá sé mar aidhm againn cláir phíolótacha oibríochta a bhunú ar bhithdhíosal 30% agus 100%, ag úsáid ár dteicneolaithe gréasáin, cothabhála agus feithiclí inti chun aon dúshláin theicniúla a thagann aníos a shárú.

Faoi dheireadh 2007, bhí níos mó ná 21,000 km dár ngréasáin comhshóite chun go n-oibreodh sé ag 20kV, ag sábháil 75,000 tonna de CO_2 sa bhliain.

Amach anseo, beidh ár ngréasáin níos cliste, níos solúbtha agus níos inbhuanaithe. Chun an poitéinsil seo a sheachadadh, tá BSL ag tabhairt tacaíochta don tionscadal Dundalk 2020, páirt de chlár Taighde agus Forbartha Fhuinneamh Inbhuanaithe Éireann.

I measc na bpríomhthionscnamh eile tá;

- Laghdú 30% ar ár n-ídiú fuinnimh intí,
- Méadú ó 87% go 95% ar ár ráta athúsáide/athchúrsála dramhaíola,
- Deimhniú ar ár gCóras Bainistíochta Comhshaoil go caighdeán ISO 14001, agus,
- Ár n-oibríochtaí réimse a oiriúnú chun comhchuibhiú leis an dúlra agus leis an oidhreacht áitiúil.

Infheistíocht Bonneagair

Sa bhliain 2007, rinne Gréasáin BSL os cionn €600 milliúin a infheistiú sa bhonneagar Tarchuir agus Leithdháilte, córais TF agus sócmhainní eile, rud a thug an caiteachas iomlán ó 2001 go €4.3 billiúin.

Rinneadh an infheistíocht náisiúnta seo le tacaíocht a thabhairt do na leibhéil arda leanúnacha fáis in éilimh leictreachais i ngeilleagar na hÉireann, gréasáin na hÉireann a athchóiriú go caighdeáin den scoth agus forbairt réigiúnach a éascú chomh maith.

> Le linn na bliana, ceanglaíodh 94,400 custaiméir nua leis na gréasáin leictreachais. Is é seo an dara leibhéal is airde de naisc nua a rinneadh i mbliain amháin go dtí seo agus ardaíonn sé an leibhéal de naisc nua idir 2001 agus 2007 go níos mo ná 580,000.

Le linn na bliana, ceanglaíodh 94,400 custaiméir nua leis na gréasáin leictreachais. Is é seo an dara leibhéal is airde de naisc nua a rinneadh i mbliain amháin go dtí seo agus ardaíonn sé an leibhéal de naisc nua idir 2001 agus 2007 go níos mo ná 580,000.

Mar pháirt den infheistíocht nua seo tá tógáil an bhonneagair atá riachtanach chun gléasra giniúna leictreachais nua, feirmeacha gaoithe san áireamh, a nascadh leis na gréasáin, chomh maith le hathnuachan agus athchóiriú bonneagair atá ann cheana féin. Feabhsóidh an obair seo caighdeán soláthair do na custaiméirí agus iontaofacht agus sábháilteacht na ngréasán.

Mar chuid de chlár leanúnach chun caillteanais ghréasáin a laghdú agus caighdeán voltais a fheabhsú do chustaiméirí, rinne Gréasáin BSL 2,727 km de ghréasán 10kV a chomhshó le linn 2007 chun go n-oibreodh sé ag 20kV. Is é 21,250 km fad iomlán an ghréasáin a comhshódh go 20kV. Laghdaíonn comhshó na línte seo go leibhéal voltais níos airde an méid leictreachais a chailltear agus é ag bogadh tríd na gréasáin, ag sábháil thart ar 75,000 tonna de CO_2 sa bhliain, i dtéarmaí giniúint leictreachas a seachnaíodh.

Rinneadh lasca nua gan ola a chur in áit thart ar 170 seanlasc allamuigh lán ola, de mheán voltais chomh maith. Ina theannta seo, atógadh 90 km de sheanghréasáin 38kV ag baint úsáide as níos éifeachtúla a fheabhsaíonn caighdeán agus iontaofacht voltais, agus a laghdaíonn na caillteanais a tharlaíonn ar na línte seo.

Rialáil

Bá í 2007 an dara bliain den Rialú Praghsanna Rialála nua a chlúdaíonn an tréimhse 2006 go dtí 2010. Leagadh an Rialú Praghsanna sin síos sa bhliain 2005, tar éis don CRF athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an infheistíocht agus ar an gcaiteachas a bhí beartaithe ag Gréasáin BSL a dhéanamh thar an tréimhse de chúig bliana go dtí 2010. Tháinig laghdú mór ar na hioncaim agus brabúis a bhain leis an ngnó Gréasáin thar an tréimhse cúig bliana.

Tá pleananna um fheabhsú feidhmiúcháin á gcur i ngníomh chun dul i ngleic leis na dúshláin airgeadais agus oibríochta a leag an Rialtóir síos. Áirítear sna pleananna seo comhaontais leis an bhfoireann maidir le níos mó solúbthacht san eagraíocht agus laghduithe sa todhchaí ar an líon fostaithe trí phróiseas de scoir dheonacha.

Ag Breathnú Chun Cinn

Agus muid ag breathnú chun cinn ar 2008 agus ina dhiaidh, tá na nithe seo a leanas i measc na ndúshlán gnó atá romhainn:

- Díriú leanúnach ar shábháilteacht a fheabhsú. Tá Gréasáin BSL tiomanta de go mbeadh sábháilteacht mar bhunluach an ghnóthais agus coinneofar an fócas seo sa bhliain 2008.
- Gnóthas láidir inmharthana a chothabháil. Tá sláinte agus láidreacht airgeadais an ghnó ríthábhachtach ó thaobh bhaint amach na gclár infheistíochta dúshlánach de, agus ó thaobh seirbhíse don chustaiméir agus sábháilteachta de.
- Seachadadh an chláir Gréasáin Inbhuanaithe. Le linn 2008, cuirfidh Gréasáin BSL na tionscnaimh i ngníomh atá riachtanach chun an clár seo a sheachadadh, mar shampla tabhairt isteach na Méadar Cliste agus giniúint gaoithe méadaithe a nascadh leis an gcóras.
- Ag leanúint ar aghaidh le seachadadh na gclár infheistíochta caipitil. Leanfaidh uasghrádú agus fadú an bhonneagair leictreachais atá ann cheana le linn na bliana 2008. Beidh seo ina bhuntáiste ag gach custaiméir leictreachais, agus éascóidh sé fás agus leathnú eacnamaíoch ar fud na tire.
- Feabhsú ar sheirbhís don chustaiméir. Beidh seachadadh seirbhíse den scoth do chustaiméirí agus baint amach spriocanna dúshlánacha maidir le seirbhís don chustaiméir ina mbunspriocanna ag an ngnó i 2008 agus ina dhiaidh.
- Éileamh custaiméara a chomhlíonadh maidir le nascadh leis an ngréasán. Mar pháirt den chlár infheistíochta caipitil forleathan, caithfidh BSL na hacmhainní inmheánacha agus seachtracha atá de dhíth chun na leibhéil arda d'éileamh ó chustaiméirí nua maidir le nascadh a chomhlíonadh.
- Baint amach na spriocanna rialála reatha agus ullmhú le haghaidh an chéad Athbhreithnithe Phraghais eile. Tá baint amach na spriocanna rialála reatha agus ullmhú do dhúshláin sa todhchaí ina chuid dílis de sprioc straitéiseach an ghnó.